2022-2025

PLEAN STRAITÉISEACH

GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD

RÉAMHRÁ

Gaisce – Tá lúcháir ar Ghradam an Uachtaráin ár bPlean Straitéiseach 2022-25 a chur i láthair.

Mar thoradh ar athrú suntasach laistigh de Gaisce – Gradam an Uachtaráin, lenar áiríodh athstruchtúrú inmheánach ar an eagraíocht agus Comhairle nua nach mór a bheith ar bord, chinn Gaisce síneadh bliana a chur le tréimhse ár bplean straitéisigh deiridh.

In 2020, bhí Plean Straitéiseach nua díreach sínithe ag baill Chomhairle Gaisce nuair a bhuail Covid-19. B'éigean ár dtosaíochtaí mar eagraíocht a athrú le go bhféadfaimis oibriú go tapa agus go héifeachtach i réaltacht nua na paindéime domhanda.

Sháraigh clár Ghradam Gaisce na dúshláin a bhain le srianta sláinte poiblí agus d'éirigh leis freastal ar riachtanais athraitheacha ár bhfoirne, ár líonra dochreidte Ceannairí deonacha Ghradam an Uachtaráin, agus an rud is tábhachtaí, ar rannpháirtithe Ghradam Gaisce idir 14-25 bliain d'aois ar fud na tíre, ó chúlraí, láithreacha, agus cohóirt éagsúla.

I bhfianaise Covid19, rinne Comhairle Gaisce athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach seo arís agus fuarthas amach go raibh sé an-oiriúnach don fheidhm – agus go bhfuil an fhís, an misean, na luachanna agus na tosaíochtaí atá leagtha amach fíor i gcónaí.

I measc ár dtosaíochtaí 2022-2025 beidh:

- **Tógáil** ar an méid atá bainte amach, a chinntiú go bhfuil Gaisce insroichte don oiread daoine óga agus is féidir ar fud na hÉireann, trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí atá ar aon intinn linn;
- Tionchar dearfach Gaisce **a léiriú** trí scéalta iontacha rannpháirtithe Gaisce, Ghradaim Gaisce agus Cheannairí Ghradam an Uachtaráin a insint;
- **Ár ndícheall** a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach i ngach a ndéanaimid.

Gaisce – An bhéim a chuireann Gradam an Uachtaráin ar shaoránacht dhomhanda agus gníomhaireacht shóisialta, agus an tiomantas maidir le buanna agus inniúlachtaí dúchasacha daoine óga ar fud na hÉireann a mhúscailt agus a cheiliúradh, sin díreach an áit ar cheart don bhéim a bheith, agus a bheidh sí sna blianta amach romhainn.

Tá go leor i ndán sna blianta atá romhainn – tá an t-aistear ar siúl i gcónaí!

J. Cunningham

John Cunningham

Cathaoirleach, Gaisce - Gradam an Uachtaráin

FÍS

Éire inar féidir le daoine óga aislingí móra a bheith acu agus an gealladh atá fúthu a fhíorú

MISEAN

To Clár dearfach forbartha óige a sholáthar a spreagann agus a threoraíonn daoine óga ionas gur féidir leo a gcuid buanna agus inniúlachtaí dúchasacha, a mbraistint saoránachta agus a ngníomhaireacht shóisialta a bhaint amach go hiomlán.

LUACHANNAS

CUMHACHTÚ	Difríocht a dhéanamh, athruithe a chur i gcrích agus a chur ar chumas daoine óga a gcosán chuig féineolas a mhúnlú, trí agus in éineacht le daoine eile
CUIMSIÚ AGUS COMHIONANNAS	Deis a bheith ag gach duine a acmhainneacht a mhéadú trí chomhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus toraidh
MEAS	Caitheamh le daoine ar shlí chomhionann, éagsúlacht a aithint, agus a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit
FEABHAS	Tionchar a imirt trí na caighdeáin is airde a leanúint, ag obair le hionracas agus ar bhealach trédhearcach

COLÚIN AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

COLÚN I: DÉAN AN GHNÓTHACHTÁIL A FHORBAIRT TUILLEADH

Cuspóirí straitéisracha

ROCHTAIN CHOTHROM

1. Pointí rochtana ar Gaisce a neartú do gach duine óg atá faoi mhíbhuntáiste trí chlár éagsúlachta agus cuimsitheachta a chuirtear ar fáil i suíomhanna óige agus pobail.
2. Pointí rochtana ar Gaisce a neartú do dhaoine óga ar fud an oideachais iar-bhunscoile agus dara seans.
3. Comhpháirtíocht Tionscnamh na gComhghradam í le Gradam Diúc Dhún Éideann a neartú chun a chinntiú gur féidir le haon duine óg i dTuaisceart Éireann ar mian leis Gradam Gaisce a bhaint amach é sin a dhéanamh.

SAORÁNACHT FHREAGRACH

1. Leanúint ar aghaidh le ról uathúil Gaisce maidir le daoine óga a spreagadh, agus iad sa tóir ar a ngradam, chun an domhan thart timpeall orthu a mheas agus a cheistiú agus an ról is féidir leo a imirt chun sochaí níos cothroime agus níos cothroime a chruthú.
2. Gaisce a leathnú chun a chur san áireamh ann a thábhachtaí atá sé ról daoine óga mar ghníomhairí ríthábhachtacha a chothú le cumas gan teorainn le haghaidh gníomhaíochta agus aghaidh á tabhairt ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.
3. Gaisce a shuíomh mar chlár riachtanach d'iarbhunscoileanna agus d'ionaid oideachais chun an Ráiteas Beartais Folláine agus an Creat Cleachtais a chur ar fáil.

AG OBAIR I GCOMHPHÁIRTÍOCHT

1. Tacaíocht, aitheantas agus luach saothair a thabhairt do Cheannairí Ghradam an Uachtaráin agus do Chomhpháirtithe Ghradam Gaisce, ag cur béime ar a ról lárnach maidir le tionchar dearfach a spreagadh do dhaoine óga.
2. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil Gaisce ar fáil d'aon duine óg ar mian leis a bheith rannpháirteach ann, trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an tsochaí shibhialta, agus deiseanna le haghaidh inrochtaineachta méadaithe a fhiosrú.

Gníomhartha:

- Caidrimh a chothú agus a fhorbairt le scoileanna (DEIS agus neamh-DEIS araon), agus spriocanna a bhaint amach maidir le rannpháirtíocht i nGaisce agus ag gach leibhéal uile an ghradaim.
- An treoirscéim dara bliana iar-bhunscoile a chur ar aghaidh chuig seachadadh príomhshrutha.
- Caidreamh a chothú agus a fhás ar fud suíomhanna malartacha oideachais, ag baint amach spriocanna maidir le rannpháirtíocht i nGaisce agus thar leibhéil uile na ngradam.
- Deis a aithint chun Gaisce a leabú mar phríomhchlár i seachadadh/cur i bhfeidhm an Bheartais agus an Chreata Folláine.
- Caidreamh foirmiúil a bhunú le ceannairí scoile trí chomhpháirtíocht le Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD).
- Spriocanna a bhaint amach maidir le tionscadail éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe atá ann cheana féin, agus tionscadail nua a fhorbairt i réimsí ar leith.
- Luachanna Gaisce a chur i gcroílár na slí agus na háite ina mbíonn daoine óga agus Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) rannpháirteach sa chlár.
- Comhpháirtíochtaí nua a chruthú le heagraíochtaí sochaí sibhialta chun a chinntiú gur féidir le rannpháirtithe dul i ngleic leis na SDGanna agus iad a chuimsiú ina n-aistear Gaisce.
- Plean luach saothair agus aitheantais a dhearadh agus a chur chun feidhme do PALanna agus do Chomhpháirtithe Ghradam Gaisce.
- Oibriú §i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, pleananna oibre bliantúla Ghnóthú Óige Éireann a cheapadh agus a chur i ngníomh ar a n-áireofar feachtais chumarsáide, comhthionscnaimh agus searmanais bhronnta.

COLÚN II: ÁR SCÉAL A INSINT



Cuspóirí straitéisracha

1. Próifíl Gaisce in Éirinn a mhéadú go mór le béim ar leith ar luachanna na heagraíochta agus ar na luachanna atá mar bhonn agus taca faoin gclár gradaim.
2. Fianaise a thabhairt ar an tionchar dearfach a bhíonn ag rannpháirtíocht i nGaisce agus a thábhachtaí atá an Fhorbairt Dhearfach Óige agus cruthú an duine féin in idirghníomhú le daoine eile a mholadh agus a chur chun cinn.
3. Oibriú le rannpháirtithe agus le daoine a fuair Gradam, leas a bhaint as a léargas, a dtaithí, a nguth agus a bhfuinneamh, agus iad a spreagadh chun a gcuid scéalta a insint faoin gcumas ollmhór atá ionainn go léir a scaoileadh.

Gníomhartha:

- Luachanna Gaisce a chur chun tosaigh agus lárnach i gcumarsáid uile na heagraíochta, ó oiliúint go comhthaobhacht.
- Plean Cumarsáide 360° a chur i bhfeidhm (pleananna do chothrom 35 bliain a bheith mar chuid de bhliain I), agus spriocanna socraithe a shroicheadh.
- Feachtas spriocdhírithe feasachta poiblí agus rannpháirtíochta geallsealbhóirí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm trína leagtar béim ar a ábhartha atá Gaisce do raon leathan réimsí beartais agus ar a chumas chun tionchar a imirt ar bheartas agus ar chleachtas.
- Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis an Uachtarán agus le hOifig an Uachtaráin chun an dul chun cinn a nuashonrú agus chun ailíniú leanúnach luachanna agus cuspóirí a chinntiú.
- Comhpháirtíochtaí a aithint agus a bhunú a chuireann sainchuspóirí straitéiseacha Gaisce chun cinn maidir le suíomh agus feasacht.
- Tabhairt faoi thaighde a thógann ar fhianaise reatha (PhD) ar thairbhí agus ar thionchar Gaisce.
- Pleananna rannpháirtíochta rannpháirtithe agus bronnta a chur i bhfeidhm, ag baint amach spriocanna socraithe.

COLÚN III: SÁRCHAIGHDEÁIN I NGACH A NDÉANAIMID

Cuspóirí straitéisracha

RANNPHÁIRTITHE

1. Na rannpháirtithe a spreagadh chun luachanna Gaisce a léiriú i ngach gné dá ngradam.
2. Teacht chun bheith ina n-eagraíocht óige níos eolasaí trí éisteacht agus foghlaim ó dhaoine óga trína rannpháirtíocht agus a gcuid oibre san eagraíocht.

CEANNAIRÍ GHRADAM AN UACHTARÁIN

1. Pobal láidir de Cheannairí Ghradaim an Uachtaráin a thógáil agus a chothabháil a bhfuil oiliúint agus tacaíocht chuí acu chun Gaisce a sheachadadh ar an gcaighdeán is airde.

RIALACHAS

1. Cloí go hiomlán le gach ceanglas faoin reachtaíocht carthanachta, dlí cuideachtaí agus rialacháin agus dea-chleachtas eile.
2. Cultúr cleachtais rialachais a chothú a thugann an chumhacht do chomhaltaí na Comhairle ról gníomhach a ghlacadh atá i gcomhréir le freagrachtaí dlíthiúla agus eiticiúla a róil.
3. A bheith freagrach mar fhostóir, agus cloí leis an mbeartas agus leis an gcleachtas Acmhainní Daonna is fearr, agus timpeallacht ina mbíonn rath ar dhaoine a chothú.
4. Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú trí chóras oiriúnach bainistíochta faisnéise (MIS) agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC).
5. Bunaithe ar mhúnla cuí agus inbhuanaithe, a chinntiú go mbíonn dóthain maoinithe ag an eagraíocht chun aidhmeanna an phlean a bhaint amach.



Gníomhartha:

- Deiseanna cuí a úsáid le dul i mbun oibre go díreach le rannpháirtithe, ag cinntiú go gcuirtear bunluachanna agus cuspóirí an ghradaim in iúl.
- Chomh maith leis na struchtúir fhoirmiúla a spreagann daoine óga chun iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht i gComhairle Gaisce, painéal óige a bhunú chun comhairle agus seiceáil céille a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta.
- Lúba aiseolais a chruthú agus a chothabháil le PALanna agus le rannpháirtithe chun a chinntiú go bhfuil an clár á sheachadadh ar ardchaighdeán, go bhfuil daoine ag fáil an taithí air atá ceaptha agus go bhfuil Gaisce ag foghlaim ó PALanna agus ó na rannpháirtithe faoin tslí leis an tacaíocht a fheabhsú.
- Oiliúint a thabhairt do líon dóthanach PALanna i measc éagsúlacht de Chomhpháirtithe Gradam Gaisce scaipthe ar fud na tíre, agus díriú ar bhearnaí nuair is gá.
- Oiliúint PALanna a mheas go leanúnach agus a athbhreithniú agus a fheabhsú go rialta, chun spriocanna a bhaint amach.
- Clár cuimsitheach tacaíochta do PALanna a athbhreithniú, a fheabhsú agus a sheachadadh a chinntíonn go ndéantar clár Gaisce a sheachadadh go comhsheasmhach agus ar an tslí is fearr agus go gcoinnítear PALanna.
- Creat meastóireachta inmheánach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm trína dtomhaistear tionchar na rannpháirtíochta ar PALanna agus ar rannpháirtithe).
- Iniúchadh a dhéanamh ar mheicníochtaí dearbhaithe cáilíochta don Ghradam Cré-umha/Airgid.
- Spriocanna socraithe a bhaint amach maidir le comhlíonadh iomlán Chód Rialachais na gCarthanas (CRA) agus gach oibleagáid rialála eile, agus deiseanna le haghaidh aitheantais earnála a aithint.
- An Próiseas Feidhmíochta agus Forbartha reatha a athbhreithniú agus a leasú, eilimint luaíochta agus aitheantais a ionchorprú ann, agus an Plean a chur i bhfeidhm.
- Clár folláine a fhorbairt don fhoireann agus a chur i bhfeidhm.
- An creat éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe a chur i bhfeidhm.
- Comhpháirtí/soláthraí a aithint le haghaidh córas nua TF trí chóras tairisceana agus bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.
- Tabhairt faoi athbhreithniú arna stiúradh ag an gComhairle ar dheiseanna maoinithe chun plean de shamhail maoinithe inbhuanaithe agus cuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD

TOGRA LUACHANNA

Seo iad na ceithre chroí-luachanna a sholáthraíonn an spreagadh do Gaisce:

Cumhachtú	Cuimsiú agus Comhionannas	Meas	Sármhaitheas

Geallaimid a chinntiú go bhfuil na bunluachanna seo leabaithe i ngach réimse dár gcuid oibre, agus inár gcleachtas agus inár bpróisis.

Leagtar amach sa Togra Luachanna seo:

- ráiteas luachanna, ag leagan amach an bhrí atá le gach luach mar a bhaineann sé le Gaisce;
- ráiteas cuspóra, a leagann amach an méid a bheartaíonn an eagraíocht a bhaint amach maidir le gach luach;
- ráiteas próisis, ina leagtar amach an cur chuige maidir le hobair na heagraíochta maidir le gach luach;
- ráiteas cleachtais, ina leagtar amach conas a léireofar gach luach i gcleachtas agus in iompraíocht na foirne agus lucht bainistíocht.

CUMHACHTÚ

RÁITEAS LUACHANNA:

Difríocht a dhéanamh, athruithe a chur i gcrích agus a chur ar chumas daoine óga a gcosán chuig féin-eolas a mhúnlú, trí agus in éineacht le daoine eile

RÁITEAS CUSPÓRA:

Féachann Gaisce lena chinntiú go gcuidíonn ár gclár le difríocht a dhéanamh: i saol na ndaoine óga a ghlacann páirt; sna pobail lena mbaineann na daoine óga sin; agus do shochaí na hÉireann i gcoitinne. Déanaimid iarracht deiseanna a chruthú do dhaoine chun mothú muintearais a bheith acu leis an domhan agus tuiscint do dhaoine eile trí eispéiris i bpáirt.

RÁITEAS PRÓISIS:

Cuireann Gaisce ar chumas daoine óga a n-aistear Gaisce féin a mhúnlú, ag cinntiú gur turas fionnachtana agus féinfhorbartha é seo agus a chuireann ar a gcumas cur go dearfach lena bpobail. Aithnímid agus cuirimid in iúl an difríocht a fhéachann ár gclár a dhéanamh agus déanaimid measúnú ar ár gclár i dtéarmaí: forbairt daoine óga; pobail níos láidre; agus pobail níos rannpháirtí.

RÁITEAS CLEACHTAIS

Tá cur chuige atá cairdiúil don aos óg agus comhoibríoch mar shaintréith ag cleachtas fhoireann Gaisce.

CUIMSIÚ AGUS COMHIONANNAS

RÁITEAS LUACHANNA:

Tá deis ag an uile dhuine a acmhainneacht a mhéadú trí chomhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus toraidh

RÁITEAS CUSPÓRA:

Féachann Gaisce le héagsúlacht a chinntiú maidir le: na daoine óga atá rannpháirteach inár gclár; ár gcomhpháirtithe; agus ár bhfoireann agus ballraíocht na Comhairle, d'fhonn comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí a bhaint amach do dhaoine ó ghrúpaí atá clúdaithe ag an reachtaíocht comhionannais agus dóibh siúd a fhulaingíonn neamhionannas ar bhonn a stádais socheacnamaíoch. Chuige sin, leagaimid béim ar a thábhachtaí agus a lárnaí atá an chomhbhá do chlár Gaisce.

RÁITEAS PRÓISIS:

Socraíonn Gaisce spriocanna comhionannais dá chuid oibre, gníomhaíonn sé chun bacainní ar ár gclár agus ár ngradaim do dhaoine óga a fhulaingíonn an t-éagothromas a aithint agus a bhaint, déanann sé mionathruithe chun inrochtaineacht a chur san áireamh agus a chinntiú do bhaill foirne éagsúla, agus d' éagsúlacht na ndaoine óga a ghlacann páirt inár gclár.

RÁITEAS CLEACHTAIS:

Tá cleachtas foirne Gaisce bunaithe ar thuiscint ar shaincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta agus tugtar oiliúint ar chomhionannas agus ar éagsúlacht chun tacú leis seo.



MEAS

RÁITEAS LUACHANNA:

Caitheamh le daoine ar shlí chomhionann, éagsúlacht a aithint, agus a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit



RÁITEAS CUSPÓRA:

Féachann Gaisce le caighdeáin arda a chinntiú ina chaidreamh oibre, trí mheas a léiriú ar éagsúlacht ár bhfoirne, ár ngeallsealbhóirí agus ár gcomhpháirtithe agus é sin a chur san áireamh, uilechuimsitheacht agus pobail a chur chun cinn, agus gach bac maolaithe a sheachaint.

RÁITEAS PRÓISIS:

Éisteann Gaisce agus freagraíonn sé páirtithe leasmhara, caitheann sé leo le dínit agus le cúirtéis, agus déanann sé cumarsáid leo ar bhealach tráthúil agus ábhartha. Cinntímid timpeallacht oibre atá measúil agus sábháilte agus saor ó chiapadh agus ó leithcheal.

RÁITEAS CLEACHTAIS:

Cuidíonn cleachtas fhoireann Gaisce le timpeallacht oibre ina n-éistear le tuairimí agus le tuairimí gach duine, ina n-aithnítear iad agus ina léirítear meas orthu ina léirítear meas ar chomhghleacaithe agus ina n-aithnítear a gcion agus a n-acmhainneacht, agus ina ndéantar cumarsáid inmheánach oscailte agus trédhearcach.

SÁRMHAITHEAS

RÁITEAS LUACHANNA:

Tionchar a imirt trí na caighdeáin is airde a leanúint, oibriú le hionracas agus ar bhealach trédhearcach.

RÁITEAS CUSPÓRA:

Féachann Gaisce lena chinntiú go gcloíonn ár gcuid oibre le caighdeáin dea-chleachtais agus ceanglais dhlíthiúla agus déanann sé a dhícheall nuálaíocht leanúnach a dhéanamh chun ár misean a bhaint amach, ag aithint agus ag tabhairt tús áite d'éifeachtúlacht an chomhoibrithe thar éifeachtúlacht.

RÁITEAS PRÓISIS:

Tá Gaisce trédhearcach faoina chuid oibre, tá beartais agus nósanna imeachta inmheánacha leordhóthanacha agus cuí aige chun ár n-oibríochtaí agus ár gcleachtas a rialú, agus cinntíonn sé go gcuirtear i bhfeidhm iad. Léirímid meas ar nuálaíocht i ndearadh agus i seachadadh ár gclár agus cinntímid go bhfuil an nuálaíocht seo: bunaithe ar fhianaise, faoi réir meastóireachta, agus go léiríonn sí ár luachanna. Déanann ár bpróisis bhainistíochta acmhainní daonna iarracht na caighdeáin is airde a bhaint amach agus cinntímid go bhfuil ár luachanna leabaithe sna próisis seo.

RÁITEAS CLEACHTAIS:

Léiríonn cleachtas foirne Gaisce ár mbunluachanna, tá sé bunaithe ar thorthaí agus dírithe ar thorthaí, agus faigheann sé tacaíocht ó oiliúint lena chinntiú gur féidir leis an bhfoireann a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr.

MAIREACHTÁIL DE RÉIR ÁR LUACHANNA:

Geallann Gaisce ár mbunluachanna a léiriú trí chur chuige pleanáilte agus córasach. Bainfear é sin amach tríd ár dTogra Luachanna a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

Príomhnóiméid Eagraíochtúla:

Beidh fócas ar ár luachanna san áireamh ag tráthanna tábhachtacha dár n-oibríochtaí, go háirithe:

- Pleanáil agus seachadadh ár searmanais Ghradaim;
- Athbhreithnithe agus tuarascálacha bliantúla;
- Pleanáil straitéiseach.

OIBRÍOCHTAÍ:

Cuirfimid fócas ar ár dtogra luachanna mar chuid dár n-oibríochtaí ó lá go lá, go háirithe:

- Cinntiú go bhfuil oiliúint agus tacaíocht chuí ag baill foirne chun beatha a thabhairt don togra luachanna chun bunluachanna a leabú ina gcuid oibre (mar shampla, oiliúint ar cheisteanna comhionannais agus éagsúlachta);
- A chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ábhartha (earcaíocht, ionduchtú etc.) ailínithe leis an togra luachanna agus go n-athbhreithnítear iad go rialta;
- Cur chuige bunaithe ar luachanna a chur i bhfeidhm trína chinntiú go n-áirítear ar ár bpróisis inmheánacha (ar nós breithmheasanna bliantúla foirne, pleananna oibre bliantúla) fócas ar luachanna;
- A chinntiú go n-áirítear fócas ar ár mbunluachanna in ionduchtú chomhaltaí na Comhairle;
- Athbhreithniú criticiúil rialta a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí chun a chinntiú go léiríonn an seachadadh ár ngealltanas chun socruithe agus mionathruithe ábhartha a chur san áireamh agus a choinneáil ann chun comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus torthaí a chinntiú don éagsúlacht daoine óga atá ag iarraidh páirt a ghlacadh agus/nó atá ag glacadh páirte sa chlár.

TEAGMHÁIL LE GEALLSEALBHÓIRÍ SEACHTRACHA:

Cuirfimid fócas ar ár dtogra luachanna san aireamh mar chuid dár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha, go háirithe:

- Ár mbunluachanna a ionchorprú agus a chinntiú go léirítear ár dtogra luachanna san oiliúint a chuirtear ar PALanna;
- A chinntiú go gcuirtear ár mbunluachanna in iúl inár bhfoilseacháin agus ar ár suíomh Gréasáin;
- Ár luachanna a chur in iúl dár bpríomhpháirtithe leasmhara agus dár maoinitheoirí.

CULTÚR ÁR N-IONAD OIBRE A FHORBAIRT AGUS A BHUANÚ:

Úsáidfimid ár dtogra luachanna chun cultúr na heagraíochta a mhúnlú, go háirithe:

- Páirt a ghlacadh in athbhreithnithe foirne tréimhsiúla chun a chinntiú go bhfuil ár mbunluachanna á gcomhlíonadh againn agus an togra luachanna á chur i bhfeidhm;
- Ceardlann luachanna foirne a óstáil;
- Fócas ar luachanna a chur san áireamh in earcú foirne agus oibrithe deonacha chun a chinntiú go mbíonn siad ailínithe lenár mbunluachanna;
- Ár mbunluachanna a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san ionad oibre;
- Cultúr ionad oibre a fhorbairt inar féidir dúshlán a thabhairt do dhaoine go measúil nuair nach bhfuil bunluachanna á gcomhlíonadh;
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forbartha foirne chun ionad oibre atá bunaithe ar luachanna a chothú.



TEACHTAIREACHT ÓN UACHTARÁN MICHEÁL D. Ó HUIGINN

UACHTARÁN NA hÉIREANN
PRESIDENT OF IRELAND

TEACHTAIREACHT ÓN UACHTARÁN MICHEÁL D. Ó HUIGINN
UACHTARÁN NA HÉIREANN AN UAIR A D'FHOILSIGH
GAISCE A PHLEAN STRAITÉISEACH
2022-2025

Tá Gaisce, Gradam an Uachtaráin, ann le 36 bliain anuas. Bhí rath ar na Gradaim ar dtús faoi phátrúnacht Patrick J. Hillary, an tUachtarán a chuaigh romham agus fuair siad tacaíocht leanúnach ó gach Uachtarán ó shin i leith. Ba mhór an pléisiúr dom leanúint leis an oidhreacht seo agus bheith páirteach san fhorbairt atá á déanamh ar an nGradam seo a raibh os cionn 500,000 duine óg páirteach ann go dtí seo.

Le linn m'Uachtaránachta, ar na tionscnaimh éagsúla uaimse bhí 'Claochlú agus Rannpháirtíocht', a chomhlánaíonn príomhsprioc Ghaisce, chun gach duine in Éirinn a spreagadh chun a gcion pearsanta a bhaint amach, i dteannta daoine eile, ar mhaithe leis an tsochaí a neartú trí chumais, eispéiris agus peirspictíochtaí éagsúla a aithint, a thacú agus a spreagadh.

Is é tiomantas do shochaí níos fearr, agus díograis, cumas agus athléimneacht daoine óga an fórsa tiomána atá taobh thiar de Ghaisce. Trí chlár Gaisce, tugtar spreagadh agus treoir do dhaoine óga ionas gur féidir leo na buanna agus an cumas atá iontu go dúchasach chomh maith lena mbraistint saoránachta agus a gcumas gníomhú go sóisialta a fhíorú go hiomlán. Féachann Gaisce le cloí le bunluachanna atá leagtha amach ag a foireann agus ag baill na Comhairle trína bhféachtar le tionscadail an Uachtaráin, mar phátrún, a bhaint amach. Ar na luachanna seo tá cumhachtú, cuimsiú, agus comhionannas, meas, freagracht shóisialta agus barr feabhais. Tá áthas orm a fheiceáil go bhfuil na luachanna seo le sonrú go soiléir i bPlean Straitéiseach nua Gaisce 2022-2025.

Tá sé socraithe ag Gaisce gurb í an fhís don Phlean seo ná "Éire inar féidir le daoine óga aislingí mór a bheith acu agus an gealladh go léir atá fúthu a fhíorú. Tá an-tábhacht leis seo. Ní raibh sé riamh chomh práinneach daoine óga a mhealladh le teacht le chéile le daoine as glúine eile, agus gníomhú ar mhaithe le hathrú agus muid ag díriú ar dhúshláin mhóra na haoise seo – an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht atá ag meath go tapa, bochtaineacht ar fud na cruinne, an easpa bia atá ag bagairt ar 41 milliún saoránach eile ar domhan, agus an méadú atá ag teacht ar neamh-chomhionannas, mar aon leis an laghdú ar chomhtháthú sóisialta arb é is cúis le géarchéimeanna sa daonlathas ar fud na cruinne.

Is tionscadal de chuid m'Uachtaránachta í an tsaoránacht chuimsitheach, rannpháirteach agus ghníomhach. Creidim gurb é seo an seans is fearr atá againn chun líon mór de na dúshláin sin a réiteach, agus go bhfuil obair riachtanach á déanamh ag Gaisce, trí ardán a chur ar fáil chun gur féidir le saoránaigh óga difríocht a dhéanamh, agus trí chomhpháirtíochtaí a dhéanamh idir dhaoine óga ionas gur féidir gach leas a bhaint as a gcuid buanna agus a gcumais dhúchasacha, a mbraistint saoránachta agus a gcumas chun gníomhú go sóisialta.

Is é aidhm Ghaisce cabhrú le daoine óga aithne a chur orthu féin, trí agus i dteannta daoine eile, ag féachaint le deis a thabhairt dóibh ar fad an gealladh atá fúthu a fhíorú trí chomhionannas rochtana rannpháirtíochta agus toraidh. Ar iarratas uaimse, le tamall anuas, tá Gaisce tar éis a shainchúram a leathnú chun slí a dhéanamh do dhaoine óga atá i bpríosúin agus in áiseanna soláthar díreach, agus tá iarrtha agam air oibriú i dtreo cothromaíocht a bhaint amach idir tionscadail uirbeacha agus tuaithe agus, thar aon rud eile, daoine óga a mhealladh le bheith rannpháirteach, beag beann ar ioncam, aicme nó cás.

Is é aidhm Ghaisce luach comhionann a thabhairt do dhaoine, éagsúlacht a aithint agus a cheiliúradh, agus a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit. Aidhm eile atá le Gaisce ná tionchar a imirt trí na caighdeáin is airde a shaothrú, agus feidhmiú le hionracas agus le trédhearcacht.

Fáiltím roimh na ráitis agus na gníomhartha atá i bPlean Straitéiseach nua Gaisce. Creidim go gcuideoidh siad agus go mbreiseoidh siad na nearta agus an cumas atá léirithe ag Gaisce go dtí seo trí iad a fhorbairt tuilleadh, agus leanúint de bhuanna agus cumais dhúchasacha ár ndaoine óga a chothú, trína gcuirfear leis an tsaoránacht ghníomhach, an daonlathas rannpháirteach agus trína gcothófar an gníomhú sóisialta.

Tá an oiread sin bainte amach ag Gaisce trí chur ar chumas an oiread sin daoine óga dul ar thuras ina bhfuil sé léirithe ag daoine óga ar fud an oileáin ní hamháin go bhfuil siad tiomnaithe go pearsanta dó, ach go bhfuil siad tiomnaithe do sheirbhís a thabhairt dá bpobail agus dá gcomhshaoránaigh. Molaim gach duine a ghlac páirt i Gaisce ó thosaigh sé as a n-iarrachtaí, iarrachtaí a thrasnaíonn raon leathan gníomhaíochtaí agus nuálaíochtaí, a shaibhrigh iad féin mar dhaoine aonair agus a shaibhraigh a bpobail áitiúla agus an tsochaí i gcoitinne.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile, faoi cheannas Yvonne McKenna, agus le Bord Gaisce, as a gcuid oibre gan staonadh, a mbarr feabhais agus a dtiomantas.

Beir beannacht.

Buíochas do Helen Newman, Comhpháirtí Bainistíochta agus Bunaitheoir Facilitation Matters as ucht a cuid cúnamh chun an doiciméad seo a fhorbairt.

First published in February 2022 by Gaisce - The President's Award. Copyright © Gaisce - The President's Award 2022.

GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD

Ratra House,
Phoenix Park,
Dublin D08YD62.

@GaisceAward

@GaisceAward

+3531 6171999

www.gaisce.ie

Gaisce - Gradam an Uachtaráin, The President's Award is a company limited by guarantee (CRO 251020) and with a CHY and RCN number (8482 and 20020903 respectively). Our registered address is Ratra House, Phoenix Park, Dublin D08YD62.

Current members of Gaisce Council can be viewed here: